



**THE
DIGITAL
HUB**

Stiúirthóir Bunaithe - Todhchaí

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Conradh Sainchuspóireach Téarma Sheasta - 3 Bliana (Clár Píolótach)

Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh

Achoimre

Is clár suaitheanta píolótach nua de chuid Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh (DHDA) é Todhchaí. Tá sé leagtha amach chun píblíne náisiúnta fiontraíochta a bhunú a cheanglaíonn cainteoirí Gaeilge le deiseanna chun gnólachtaí a fhorbairt a chuireann dlús lenár n-aistear i dtreo todhchaí dhátheangach, agus an Ghaeilge a bheith ina teanga fiontraíochta, nuálaíochta agus luachmhar phoiblí.

D'eascair Todhchaí as comhpháirtíocht idir an DHDA, Gaeilge365 (clár nuálaíochta Gaeilge údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath) agus Údarás na Gaeltachta.

Bunaithe i gceantar stairiúil na Saoirsí i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, is campas nuálaíochta agus áit mhór fiontraíochta é an Mol Digiteach atá ceannródaíoch in Éirinn agus atá á bhainistiú ag an DHDA, a thacaíonn le forbairt gnólachtaí digiteacha, teicneolaíochta agus cruthaitheacha. Ó cuireadh tús leis, tá tacaíocht tugtha ag an Mol Digiteach i dtaobh réimse leathan d'fhiontair dhúchasacha agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus tá ról gníomhach aige maidir le nuálaíocht, cuimsiú agus rannpháirtíocht pobail.

Oibreoidh Todhchaí ar fud Bhaile Átha Cliath agus fud fad na Gaeltachta chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do chainteoirí Gaeilge glacadh le fiontraíocht, ag nascadh na Gaeilge chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as na deiseanna eacnamaíocha atá ag eascairt as an mbéim níos mó atá ar an nGaeilge anois ag leibhéal reachtaíochta, inmheánacha agus dhomhanda.

Tá an Mol Digiteach ag iarraidh Stiúirthóir Bunaithe a cheapadh chun Todhchaí a bhunú, a threorú agus a leabú le linn na céime píolótaí.

Is fostóir comhdheiseanna é an Mol Digiteach agus déantar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, claonadh gnéis, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, míchumas, stádas pósta an teaghlaigh, reiligiún nó daoine den Lucht Siúil. Tá dearcadh dearfach ag an Mol Digiteach i leith na héagsúlachta. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla. Tacaíonn an Mol Digiteach le fostú daoine faoi mhíchumas .

Leagtar amach sa leabhrán seo cuspóir, freagrachtaí agus riachtanais an ról.

Príomhchuspóir an Phoist

Beidh an Stiúrthóir Bunaithe ag obair go díreach faoi Phríomhfheidhmeannach an Mhoil Dhigitigh agus beifear i gceannas ar leagan amach, ar bhunú agus ar fhorbairt fhadtéarmach Todhchaí mar chlár náisiúnta, ag cinntiú go mbeidh torthaí fiúntacha eacnamaíochta, fiontraíochta agus luachmhara poiblí á gcur i gcrích.

Éilíonn an ról ceannaire sinsearach atá in ann:

- Rún polasaí a aistriú go cur i gcrích oibriúcháin
- Córais agus píblínte nua a fhorbairt ar fud eagraíochtaí
- Clár misean-tiomáinte a threorú laistigh de chreat rialachais na hearnála poiblí

Oibreoidh an Stiúrthóir Bunaithe laistigh de chreat eagrúcháin agus rialachais an Mhoil Dhigitigh agus oibreoidh sé i ndlúth-chomhpháirtíocht le Gaeilge365 agus Údarás na Gaeltachta.

Príomhfhreagrachtaí

Ceannaireacht Straitéiseach agus Forbairt Clár

- Fís straitéiseach shoiléir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Todhchaí mar phíblíne náisiúnta fiontraíochta agus soláthair.
- Todhchaí a chur laistigh d'éiceachórais fiontraíochta, nuálaíochta agus dhátheangacha seirbhíse poiblí na hÉireann.
- A chinntiú go bhfuil siad ag teacht le cuspóirí straitéiseacha an Mhoil Dhigitigh, Gaeilge365 agus Údarás na Gaeltachta.
- Gníomhú mar chaomhnóir sinsearach ar mhisean, luachanna agus suíomh poiblí Todhchaí.

Leagan Amach agus Cur i gCrích Clár

- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i gcrích ollstruchtúr croíchláir Todhchaí agus é a leagan amach, agus é bunaithe ar:
 - Conairí foghlama agus iontrála, lena n-áirítear MOOC
 - Scileanna agus forbairt fiontraíochta trí dhianchampaí, haiceatóin agus gníomhaíocht ghaolmhar
 - Bealaí seolta, fáis agus dul chun cinn, lena n-áirítear tacaíochtaí meantóireachta agus soláthair.
- A chinntiú go bhfeidhmíonn an clár mar phíblíne náisiúnta chomhleanúnach, ó rannpháirtíocht luath go hullmhacht fiontraíochta.
- Ardchaighdeán cháilíochta, ábharthachta agus tionchair a choinneáil ar fud na ngníomhaíochtaí seachadta go léir.

Comhpháirtíochtaí agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

- Caidrimh láidre oibre a chothú agus a bhainistiú:
 - Leis na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath trí chomhpháirtíocht Gaeilge365
 - Le hÚdarás na Gaeltachta agus an líonra gteic
 - Le comhlachtaí poiblí, tacaíocht fiontraíochta agus comhpháirtithe straitéiseacha.
- Gníomhú mar idirghabhálaí iontaofa idir fiontraithe a bhfuil Gaeilge acu agus éileamh na hearnála poiblí, ag forbairt píblíne shoiléir deiseanna d'fhiontraithe.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar Todhchaí ag fóraim náisiúnta agus ag cainteanna straitéiseacha.

Oibríochtaí, Rialachas agus Comhlíonadh

- An múnla oibríochtúil do Todhchaí a bhunú agus a chothabháil faoi rialachas an Mhoil Dhigitigh agus an fhoireann a fhorbairt de réir mar is cuí laistigh de na buiséid atá ar fáil.
- A chinntiú go bhfuil córais chúil i bhfeidhm maidir le bainistiú, tuairisciú, riosca agus comhlíonadh airgeadais.
- Buiséadú, tuairisciú agus sreabhadh airgid an tionscadail a bhainistiú.
- Oibriú le Grúpa Stiúrtha Todhchaí i gcomhréir le socruithe rialachais comhaontaithe.
- A chinntiú go gcomhlíontar ceanglais maidir le cosaint sonraí, soláthar agus ceanglais na hearnála poiblí.

Ceannaireacht Foirne agus Bealaí Oibre

- Foireann bheag seachadta ardfheidhmíochta a earcú, a threorú agus tacú leo.
- Bealaí éifeachtacha a bhunú chun oibriú le heagraíochtaí agus ionaid éagsúla.
- Conraitheoirí seachtracha agus tacaíocht speisialtóra a bhainistiú de réir mar is gá.

Inbhuanaitheacht agus Oidhreacht

- Bealach a fhorbairt le haghaidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach Todhchaí tar éis na céime píolótaí.

Príomhchaidrimh

Rachaidh an Stiúrthóir Bunaithe i dteagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear:

- **Bainistíocht Shinsearach DHDA** – rialachas, tuairisciú agus ailíniú eagraíochta
- **Gaeilge365 (Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath)** – comhoibriú straitéiseach agus ailíniú clár
- **Údarás na Gaeltachta** – cur i gcrích réigiúnach, dul chun cinn fiontraíochta agus comhtháthú éiceachórais
- **Comhlachtaí Poiblí agus Tacaíochtaí Fiontraíochta** – cruthú deiseanna agus ailíniú éilimh
- **Foireann Seachadta agus Comhpháirtithe** – pleanáil, cur i ngníomh agus athbhreithniú clár

Sonraíocht an Duine

Príomhthaithe, Scileanna agus Eolas

- Taithí ar cheannaireacht shinsearach i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
 - Forbairt fiontair nó fiontraíochta
 - Cláir nuálaíochta nó córais a fhorbairt
 - Nuálaíocht theangabhunaithe
 - Tionscnaimh misean-tiomáinte nó seirbhíse poiblí
- Taithí léirithe ar bhunú clár nó eagraíochtaí ón gcéim luath go mbíonn siad bunaithe.
- Cumas straitéiseach láidir in éineacht le ceannaireacht oibríochtúil phraiticiúil.
- Taithí ar bheith ag obair ar fud timpeallachtaí casta páirtithe leasmhara, go háirithe laistigh den earnáil phoiblí nó taobh léi.
- Feasacht láidir eagraíochtúil, airgeadais agus rialachais.
- Scileanna cumarsáide, tionchair agus bainistíochta caidrimh den scoth.

Riachtanas Teanga

- Tá ardleibhéal Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, riachtanach.
- Tuiscint dhomhain ar ról na Gaeilge mar theanga a bhfuil luach eacnamaíoch, sóisialta agus seirbhíse poiblí ag baint léi.

Taithí Inmhianaithe

- Taithí ar bheith ag obair le húdaráis áitiúla nó laistigh díobh.
- Eolas ar sholáthar poiblí nó nuálaíocht éileamh-threoraithe.
- Eolas ar chomhthéacsanna forbartha Gaeltachta nó réigiúnach.
- Taithí ar thionscnaimh phiólótacha nó Pathfinder a dhéanamh.

Cáilíochtaí Pearsanta agus Dearcadh

- Fís-treoraithe, misean-tiomáinte agus dírithe ar luachanna.
- Compordach ag feidhmiú le débhríocht agus córais nua a fhorbairt.
- Inchreidte, pragmatach agus dírithe ar thorthaí.
- Stíl cheannaireachta chomhoibríoch agus chuimsitheach.
- Géarchúiseach agus acmhainneach ó thaobh na polaitíochta de.
- Léiríonn ardchaighdeán gairmiúlachta, ionracais agus cuntasachta.

Tuarastal, Téarmaí agus Coinníollacha

Grád Tuarastail. Cuirtear an post seo ar fáil ar chonradh sainchuspóireach trí bliana, ag teacht le céim phiólótach Todhchaí. Beidh an bunráta luach saothair don phost comhionann le Grád an Státseirbhísigh den Phríomhoifigeach Cúnta (PPC) (a íocann ráta ranníocaíochta PSI Aicme A agus a dhéanfaidh ranníocaíocht fostaí i leith sochar aoisliúntais pearsanta). Léirítear seo faoi láthair sa raon tuarastail bliantúil ó €82,290 go €102,250 ag brath ar thaithí.

Tréimhse phromhaidh

Beidh tréimhse phromhaidh sé mhí i bhfeidhm.

Uaireanta oibre

Is é 35 uair an chloig an ghnáthsheachtain oibre. Mar gheall ar nádúr an róil, tá gá le cur chuige solúbtha maidir le huaireanta oibre. D'fhéadfaí a áireamh leis seo ó am go ham obair sa tráthnóna, ag an deireadh seachtaine agus ar shaoire poiblí.

Saoire bhliantúil

Chomh maith le laethanta saoire poiblí reachtúla, beidh an t-iarrthóir rathúil i dteideal 30 lá de shaoire bhliantúil fóctha in aghaidh na bliana.

Pinsean. Tá fostaithe an Mhoil Dhigitigh i dteideal páirt a ghlacadh i scéim pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSP), faoi réir théarmaí agus choinníollacha na scéime.

Taisteal

Beidh taisteal ó am go chéile i gceist leis an ról de réir mar is gá.

Obair Chumaisc

Beidh socruithe oibre cumaisc i bhfeidhm de réir pholasaithe an Mhoil Dhigitigh.

Iarratas a dhéanamh & Próiseas Roghnaithe

Próiseas Iarratais

4:00pm Dé hAoine an 5 Meitheamh 2026 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Ní mór d'iarratasóirí an méid seo a leanas a chur ar aghaidh:

- CV cuimsitheach, agus
- Litir chumhdaigh ina leagtar amach a dtaithe agus a spéis sa ról Stiúrthóir Bunaithe – Todhchaí (Dhá leathanach A4 ar a mhéad)

Ba chóir iarratais a chur ar aghaidh ar ríomhphost chuig:

Próiseas Roghnaithe & Amlíne

Beidh gearrliosta i bhfeidhm bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil san iarratas.

- **Táthar ag súil go mbeidh an chéad bhabhta agallamh** ar siúl i rith na seachtaine dar tús an **22 Meitheamh 2026**
- **Táthar ag súil go mbeidh an dara babhta agallamh** ar siúl i rith na seachtaine dar tús an **29 Meitheamh 2026**

Déanfar teagmháil dhíreach le hiarrthóirí a roghnófar le haghaidh agallaimh le tuilleadh sonraí.

Tá seirbhísí Orla King ar áirithíocht ag DHDA chun an próiseas earcaíochta a bhainistiú. Ba chóir gach ceist agus iarratas poist a chur ar aghaidh chuig earcaiocht@orkingcoaching.ie

Tuilleadh Eolais

Má tá aon cheisteanna agat nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le Orla King ag 087-9845057.